2025/319

12.2.2025

CINNEADH (CBES) 2025/319 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 11 Feabhra 2025

lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) (EUMA/1/2025)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/162 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 maidir le Misean de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 8 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(1) de Chinneadh (CBES) 2023/162, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha maidir le rialú polaitiúil a fheidhmiú agus treoir straitéiseach Mhisean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) a dhéanamh, lena n-áirítear an cinneadh maidir le Ceann Misin a cheapadh, ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 13 Feabhra 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/604 ([2]) lena gcuirtear síneadh le sainordú Markus RITTER ina Cheann Misin ar EUMA ón 21 Feabhra 2024 go dtí an 19 Feabhra 2025.

(3) An 5 Feabhra 2025, mhol an tArdionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Markus RITTER ina Cheann Misin ar EUMA ón 20 Feabhra 2025 go dtí an 19 Feabhra 2026,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear síneadh le sainordú Markus RITTER ina Cheann ar Mhisean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) ón 20 Feabhra 2025 go dtí an 19 Feabhra 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK

([1]) IO L 22, 24.1.2023, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/162/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/604 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 13 Feabhra 2024 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) (EUMA/1/2024) (IO L, 2024/604, 16.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/604/oj).